C/2024/5767

26.9.2024

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca aonair dá bhforáiltear in Airteagal 36 den Rialachán Airgeadais tráth a glacadh Rialachán 2024/2509

(C/2024/5767)

Aithníonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ('na trí Institiúid') an tábhacht a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a fheabhsú mar a aithnítear i gComhaontú Idirinstitiúideach ('IIA') an 16 Nollaig 2020 agus mar a leagtar amach in Airteagal 325 CFAE.

Comhaontaíonn na trí Institiúid gur gá an uirlis a fhorbairt tuilleadh i gcomhréir le rialacha slándála TF agus cosanta sonraí. D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú agus costais dhíréireacha TF do na Ballstáit agus do na húsáideoirí eile a sheachaint, cuirfear córais fhormheasta atá bunaithe sna Ballstáit i gcuntas.

Geallann na trí Institiúid go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an uirlis a fhorbairt tuilleadh. Deimhníonn an Coimisiún go leanfaidh sé de bheith ag forbairt na huirlise i gcomhairle lena húsáideoirí agus de thacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna teicniúla. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún chun na sineirgí is gá a chumasú don idir-inoibritheacht le córais agus bunachair sonraí TF ábhartha.

Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh lena mbunaítear ullmhacht na huirlise bunaithe ar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 36(6) den Rialachán Airgeadais, geallann na trí Institiúid, gan dochar dá n-inniúlachtaí faoi seach, go ndéanfaidh siad scrúdú agus plé arís ar úsáid éigeantach na huirlise le linn an chreata airgeadais ilbhliantúil iar-2027.